# Ráiteas maidir le hInrochtaineacht

## An tiomantas agus an cur chuige atá againn maidir le suíomh Gréasáin inrochtana a chothabháil

Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tiomanta do na nithe seo a leanas:

- Inrochtaineacht a mhéadú. Tá ár dtiomantas ina leith seo luaite againn inár Ráiteas Straitéise 2021 – 2025 i dTosaíocht 2, áit a ngeallaimid go gcuirfimid feabhas ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí agus ardáin nua chun an inrochtaineacht fhoriomlán a mhéadú.
- Comhlíonadh “Leibhéal AA” i ndáil leis na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) 2.1 a bhaint amach, chun cloí le Cód Cleachtais an Údaráis Náisiúnta Míchumais um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí. (Tá buneolas ar an mbeartas agus an reachtaíocht a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch in Éirinn ag an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a oibríonn faoin Údarás Náisiúnta Míchumais.)
- A áirithiú go mbeidh stádas “Leibhéal AA” bainte amach i ndáil leis an bhfaisnéis nua ar fad ar an suíomh Gréasáin de réir na dTreoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) 2.1.
- Inrochtaineacht a chur ar áireamh nuair a sholáthraímid córais 3ú páirtí nó uasghráduithe ar chórais atá ann cheana féin.

## Comhlíonadh an tsuímh Gréasáin seo i ndáil leis na treoirlínte inrochtaineachta oifigiúla

Comhlíonann an suíomh Gréasáin na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) 2.1, leibhéal AA, go páirteach. Críochnaíodh an t-iniúchadh inrochtaineachta gréasáin is deireanaí a rinneamar ar an suíomh Gréasáin seo i Meán Fómhair 2022. Ní raibh doiciméid PDF atá ar an suíomh Gréasáin faoi láthair curtha ar áireamh san iniúchadh sin. Tá uirlis ar ár suíomh Gréasáin lena n-éascaítear scanadh inrochtaineachta fíor-ama a dhéanamh ar an suíomh Gréasáin. Déantar athbhreithniú tráthrialta ar thorthaí an scanta.

## Inneachar neamh-inrochtana

Táimid ag obair chun feabhas a chur ar chomhlíonadh inrochtaineachta ár suímh Gréasáin. Is ann do chodanna dár suíomh Gréasáin nach bhfuil lán-inrochtana. Mar shampla:

- Is ann do roinnt doiciméad i bhformáid PDF nach bhfuil lán-inrochtana.
- Is ann do roinnt táblaí ar ár suíomh Gréasáin nach bhfuil ceanntásca atá sainithe i gceart orthu.
- Níl coibhéisí téacs nó coibhéisí téacs tuairisciúla leordhóthanacha ag gabháil le gach íomhá ar ár suíomh Gréasáin.
- Tá a lán dár ndoiciméid foilsithe mar chomhaid PDF, agus níl siad sin chomh hinrochtana agus atá leathanaigh HTML do dhaoine a úsáideann an teicneolaíocht oiriúnaitheach.
- Is in easnamh ar roinnt inneachair atá sainchomharthaí, a ligeann don teicneolaíocht oiriúnaitheach inneachar a nascleanúint agus a aimsiú go tapa.

Ní liosta uileghabhálach é seo agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann ar na saincheisteanna seo agus ar an inrochtaineacht i gcoitinne. Tá riachtanais oiliúna inrochtaineachta don fhoireann á sainaithint agus aghaidh tugtha orthu freisin.

## Inneachar díolmhaithe

Tá inneachar a foilsíodh roimh an 23 Meán Fómhair 2018 díolmhaithe faoi Threoir AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tiomanta dá áirithiú go bhfuil ár n-inneachar ar fad chomh hinrochtana agus is féidir.

## Conas aiseolas maidir le hinrochtaineacht an tsuímh Gréasáin seo a chur isteach

Tugaimid fáilte roimh aiseolas maidir le hinrochtaineacht an tsuímh gréasáin seo.

- Cuir ríomhphost chugainn: accessibility@audit.gov.ie
- Cuir glaoch orainn: 01 863 8600
- Scríobh chugainn: 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, D01PF72.

## Gnéithe inrochtana an tsuímh Gréasáin seo

### Recite Me

Tá an barra uirlisí Recite Me suiteáilte againn ar ár suíomh Gréasáin chun an suíomh a dhéanamh níos sorochtana agus níos éasca le húsáid. Tacaíonn Recite Me le gach cuairteoir trí roghanna a chur ar fáil dóibh ionas gur féidir leo ár suíomh Gréasáin a úsáid ar an mbealach is fearr a n-oireann dóibh. Mar shampla, is féidir le húsáideoirí an chlómhéid nó dath an scáileáin a athrú, téacs a aistriú nó an rogha léitheoir scáileáin a úsáid ionas go léitear amach an téacs os ard. Chun Recite Me a úsáid, cliceáil ar an gcnaipe Cabhair Inrochtaineachta ar ár suíomh Gréasáin.

### Ullmhú an ráitis inrochtaineachta seo

Ullmhaíodh an ráiteas seo an 28 Iúil 2021 agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú air an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Mar ullmhúchán don ráiteas seo, rinneadh meastóireacht ar conas atá an suíomh Gréasáin seo ag comhlíonadh cheanglais Threoir (AE) 2016/2102. Rinneadh an mheastóireacht sin mar seo a leanas:

- féinmheasúnú a rinne OCAG
- measúnú a rinne seirbhís sheachtrach sainchomhairleoireachta TFC a phléann le suíomhanna Gréasáin.